Laghdaigh, Athúsáid, Athchúrsáil

Cuid 1

Déanaigí cur i láthair leis an dóigh a bpléann bhur scoil le bruscar agus le hathchúrsáil a léiriú.

Bígí ag obair i ngrúpa lena fhiosrú cad iad na rudaí a ndéantar athchúrsáil orthu sa scoil. Pléigí an bhfuil rudaí eile sa scoil a bhféadfaí athchúrsáil a dhéanamh orthu. Tógaigí grianghraif den athchúrsáil a dhéantar agus den athchúrsáil ab fhéidir a dhéanamh.

Déanaigí taighde ar an Idirlíon le fáil amach cad é a tharlaíonn do na hábhair a ndéantar athchúrsáil orthu agus cad é a tharlódh muna ndéanfaí an athchúrsáil seo. Pléigí sa ghrúpa an dóigh le cur i láthair a dhéanamh den eolas. Déanaigí machnamh ar an eolas a thaispeánfar ar gach sleamhnán. Bainigí úsáid as boscaí téacs agus formáidiú le bhur dtéacs féin a chur isteach.



Cuirigí isteach grianghraif chuí ar bith a tógadh isteach.

Déanaigí iarracht tráchtaireacht a thaifeadadh, nó cuirigí isteach comhaid fuaime.

Laghdaigh, Athúsáid, Athchúrsáil

Déanaigí machnamh ar na trasdulta a úsáidtear sa chur i láthair, agus tugaigí ar an chur i láthair lúbadh a dhéanamh go leanúnach.

Cruthaígí Fillteán Topaice leis an obair seo a choinneáil ann agus bainigí úsáid as an fhillteán seo le fo-fhillteáin a chruthú ina bhfuil íomhánna a úsáidtear sa chur i láthair - grianghraif dhigiteacha, naisc ghréasáin srl.

Scríobhaigí alt gairid a mhíníonn cén dóigh a ndearna sibh an tasc agus déanaigí na fadhbanna a casadh oraibh a shainaithint.

Laghdaigh, Athúsáid, Athchúrsáil

Cuid 2

Déanaigí cur i láthair lena thaispeáint cad é an dóigh a bpléann bhur scoil le bruscar agus le hathchúrsáil.



Bígí ag obair i ngrúpa lena fhiosrú cad iad na rudaí a ndéantar athchúrsáil orthu sa scoil. Pléigí an bhfuil rudaí eile sa scoil a bhféadfaí athchúrsáil a dhéanamh orthu. Bainigí úsáid as grianghraif agus físeáin le taifeadadh a dhéanamh den athchúrsáil atá ar bun cheana féin agus den athchúrsáil bhreise ab fhéidir a dhéanamh.

Déan taighde ar an Idirlíon lena fháil amach cad é a tharlaíonn do na hábhair a ndéantar athchúrsáil orthu agus cad iad na hiarmhairtí a bheadh ann mura ndéanfaí athchúrsáil ar na hábhair seo. Pléigí sa ghrúpa an dóigh le cur i láthair a dhéanamh den eolas. Déanaigí machnamh ar an eolas a thaispeánfar ar gach sleamhnán. Bainigí úsáid as boscaí téacs agus formáidiú le bhur dtéacs féin a chur isteach. Cuirigí isteach grianghraif agus gearrthóga físe atá fóirsteanach.

Laghdaigh, Athúsáid, Athchúrsáil

Déanaigí tráchtaireacht a thaifeadadh, nó cuirigí isteach comhaid fuaime.



Déanaigí machnamh ar na trasdulta a úsáidtear sa chur i láthair, agus tugaigí ar an chur i láthair lúbadh go leanúnach.

Sábhálaigí bhur gcur i láthair agus pléigí feabhsuithe ar bith ab fhéidir a dhéanamh le daltaí eile.

Cuirigí na feabhsuithe i bhfeidhm agus sábhálaigí an obair i bhfillteán topaice.